Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Feabhra 2026
(OR. en)

5821/26

LIMITE

FISC 51
ECOFIN 118

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach – Formheas |

1. An 10 Deireadh Fómhair 2025, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an athbhreithniú is déanaí ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach (Iarscríbhinn I) agus maidir le staid na himeartha i ndáil le gealltanais a thug dlínsí comhoibríocha prionsabail an dea-rialachais cánach a chur chun feidhme (Iarscríbhinn II).[1]

2. Sna conclúidí uaithi an 12 Nollaig 2025, ba dhíol sásaimh do Chomhairle Ecofin an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair, san athbhreithniú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha i mí Dheireadh Fómhair 2025. Mhol an Chomhairle don Mheitheal idirphlé éifeachtach a choinneáil ar bun leis na dlínsí, faireachán agus scagadh a dhéanamh chun tacú lena gcomhlíontacht le critéir liostaithe an Aontais agus le comhlíonadh na ngealltanas laistigh den sprioc-am a comhaontaíodh.

[1] 12932/25.

3. Lean an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) den idirghníomhaíocht agus den idirphlé leis na dlínsí ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar a bhfuil tite amach le déanaí agus ar chur chun feidhme a ngealltanas, d'fhonn go ndéanfaí athbhreithniú ar liosta an Aontais.

4. Tháinig an foghrúpa den Mheitheal um an gCód Iompair le chéile an 15 Eanáir 2026 chun a bhfuil ag titim amach sna dlínsí a mheas agus chun an t-athbhreithniú ar liosta an Aontais a ullmhú. An 28 Eanáir 2026, bhreithnigh agus chomhaontaigh an Mheitheal um an gCód Iompair téacs na ndréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach agus an tuarascáil ón Meitheal chuig an gComhairle maidir leis an nuashonrú ar liosta an Aontais. Leagtar amach téacs na ndréachtchonclúidí ón gComhairle san Iarscríbhinn.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú maidir leis an téacs a dhearbhú agus a mholadh don Chomhairle na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a fhormheas mar mhír 'A' ag an gcruinniú a bheidh aici an 17 Feabhra 2026;

– a mholadh go dtiocfadh an Chomhairle ar chomhaontú maidir le foilsiú an liosta athbhreithnithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle san Iris Oifigiúil.

PUBLIC

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach**

PUBLIC

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé caighdeáin dea-rialachais chánach, lena n-áirítear i réimse an chánachais chothroim agus na trédhearcachta cánach, a chur chun cinn agus a neartú, agus calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac, ar leibhéal an Aontais agus ar fud an domhain;

2. TUIGEANN SÍ an comhar táirgthe leanúnach i ndáil le cúrsaí cánach idir an Mheitheal um an gCód Iompair maidir le Cánachas Gnó ('an Mheitheal um an gCód Iompair') agus formhór na ndlínsí ar fud an domhain;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta sna dlínsí ábhartha trí na bearta gníomhacha a rinneadh faoi na spriocdhátaí a comhaontaíodh, go háirithe maidir le cloí le critéir trédhearcachta cánach liosta an Aontais; IS DÍOL SÁSAIMH DI go háirithe comhlíonadh na gcritéar liostaithe uile a bhaineann le roinnt dlínsí atá ar an liosta ó 2017 i leith, rud a d'fhág gur baineadh den liosta iad; IS DÍOL SÁSAIMH DI chomh maith na bearta a rinne agus na gealltanais a thug roinnt dlínsí atá liostaithe le fada le déanaí; agus MOLANN SÍ do na dlínsí sin leanúint de na hiarrachtaí sin na saincheisteanna atá fós gan réiteach a réiteach d'fhonn liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach a nuashonrú amach anseo;

4. IS OTH LÉI go bhfuil roinnt dlínsí fós neamh-chomhoibríoch chun críoch cánach agus gur mhainnigh roinnt eile a ngealltanais i leith na Meithle um an gCód Iompair a chomhlíonadh nó na caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear maidir le malartú faisnéise arna iarraidh sin faoi chritéar 1.2, ó thaobh córais chánach dhíobhálacha a athchóiriú faoi chritéar 2.1, nó maidir le ceanglais i ndáil le substaintí eacnamaíocha a fhorfheidhmiú faoi chritéar 2.2; IARRANN SÍ ar na dlínsí sin oibriú leis an Meitheal um an gCód Iompair chun na saincheisteanna atá fós ann a réiteach;

5. DEARBHAÍONN SÍ GURB OTH LÉI nach bhfuil aon dul chun cinn déanta ag an Tuirc le Ballstát amháin maidir le huathmhalartú faisnéise éifeachtach; IARRANN SÍ AN ATHUAIR ar an Tuirc tús a chur leis na caidrimh maidir le huathmhalartú faisnéise le Ballstát amháin atá fós gan réiteach agus na ceanglais a leagtar amach sna conclúidí ó Chomhairle Ecofin an 22 Feabhra 2021, an 5 Deireadh Fómhair 2021, an 24 Feabhra 2022, an 4 Deireadh Fómhair 2022, an 14 Feabhra 2023, an 17 Deireadh Fómhair 2023, an 20 Feabhra 2024, an 8 Deireadh Fómhair 2024, an 18 Feabhra 2025 agus an 10 Deireadh Fómhair 2025 a chomhlíonadh ina n-iomláine; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur coinníoll é uathmhalartú éifeachtach faisnéise leis na Ballstáit ar fad chun go mbeidh critéar 1.1 de liosta an Aontais á chomhlíonadh ag an Tuirc; IARRANN SÍ ar an Meitheal an Chomhairle a chur ar an eolas maidir lena bhfuil ag titim amach i ndáil leis sin agus leanúint d’aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach i gcás nach bhfuil aon dul chun cinn déanta;

6. FORMHEASANN SÍ an Tuarascáil ón Meitheal um an gCód Iompair a leagtar amach in 5822/26;

7. FORMHEASANN SÍ dá réir sin liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

8. FORMHUINÍONN SÍ staid na himeartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II i ndáil le gealltanais a thug dlínsí comhoibríocha chun caighdeáin dea-rialachais cánach a chur chun feidhme.

PUBLIC

PUBLIC

## Liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach

1. **Samó Mheiriceá**

Ní chuireann Samó Mheiriceá aon uathmhalartú faisnéise airgeadais i bhfeidhm, agus níl gealltanas tugtha aige aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

2. **Angaíle**

Éascaíonn Angaíle struchtúir agus socruithe easchósta atá dírithe ar bhrabúis a mhealladh gan fíorshubstaint eacnamaíoch ós rud é nach ndéanann sé gach gníomhaíocht is gá chun cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas maidir le substaintí faoi chritéar 2.2 a áirithiú.

Tá gealltanas tugtha ag Angaíle aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh maidir lena chreat chun faisnéis a mhalartú arna iarraidh sin, easnaimh a bhí sainaitheanta ag an bhFóram Domhanda, agus grinn-athbhreithniú ón bhFóram Domhanda a iarraidh agus é a bheith deonaithe roimh an 24 Iúil 2026.

3. **Guam**

Ní chuireann Guam aon uathmhalartú faisnéise airgeadais i bhfeidhm, agus níor réitíodh an tsaincheist sin go fóill.

4. **Oileáin Palau**

Níor shínigh Oileáin Palau ná níor dhaingnigh siad Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill acu.

5. **Panama**

Tá córas díolúine díobhálach maidir le hioncam ó fhoinsí eachtracha ag Panama agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

Tá gealltanas tugtha ag Panama aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh maidir lena creat chun faisnéis a mhalartú arna iarraidh sin, easnaimh a bhí aitheanta ag an bhFóram Domhanda agus grinn-athbhreithniú ón bhFóram Domhanda a iarraidh agus é a bheith deonaithe roimh an 17 Iúil 2026.

**6. Cónaidhm na Rúise**

Tá córas cánach fabhrach díobhálach ag Cónaidhm na Rúise (cuideachtaí sealbhaíochta idirnáisiúnta) agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aici.

**7. Oileáin na dTurcach agus na gCaiceos**

Éascaíonn Oileáin na dTurcach agus na gCaiceos struchtúir agus socruithe amach ón gcósta atá dírithe ar bhrabúis a mhealladh gan fíorshubstaint eacnamaíoch ós rud é nach ndéanann siad gach gníomhaíocht is gá chun cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas maidir le substaintí faoi chritéar 2.2 a áirithiú.

**8. Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe**

Ní chuireann Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe aon uathmhalartú faisnéise airgeadais i bhfeidhm, agus níor réitíodh an tsaincheist sin go fóill.

Tá córais chánach fhabhracha dhíobhálacha ag Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe (Clár Forbartha Eacnamaíche, Cuideachtaí Díolmhaithe, Gníomh Rialála Ionaid Baincéireachta Idirnáisiúnta), agus níl gealltanas tugtha acu aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

**9. Vanuatú**

Éascaíonn Vanuatú struchtúir agus socruithe easchósta atá dírithe ar bhrabúis a mhealladh gan fíorshubstaint eacnamaíoch, agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

Tá Vanuatú ag fanacht le grinn-athbhreithniú ón bhFóram Domhanda i ndáil le malartú faisnéise arna iarraidh sin.

PUBLIC

**10. Vítneam**

Níl rátáil 'mór-chomhlíontach' ar a laghad ag Vítneam ón bhFóram Domhanda i ndáil le malartú faisnéise arna iarraidh sin.

Tá gealltanas tugtha ag Vítneam aghaidh a thabhairt ar na moltaí ginearálta maidir le codanna B(1) agus B(2) de na téarmaí tagartha de réir tíre ón bhFóram Domhanda laistigh de thréimhse ama a d'fhágfadh go bhféadfaí iad a léiriú i dTuarascáil Athbhreithnithe Piaraí Ghníomhaíocht 13 i bhfómhar 2027.

PUBLIC

PUBLIC

**Staid na himeartha i dtaca leis an gcomhar leis an Aontas i ndáil le gealltanais a thug dlínsí comhoibríocha prionsabail an dea-rialachais cánach a chur chun feidhme**

## 1. Trédhearcacht

*1.1 Uathmhalartú faisnéise*

Meastar go ndéanfaidh an dlínse seo a leanas faisnéis a mhalartú go héifeachtach leis na 27 mBallstát ar fad de réir na hamlíne dá dtagraítear i mír 6 de na Conclúidí ón gComhairle an 22 Feabhra 2021, mír 4 de na Conclúidí ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021, mír 4 de na Conclúidí ón gComhairle an 24 Feabhra 2022, mír 4 de na Conclúidí ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022, mír 7 de na Conclúidí ón gComhairle an 14 Feabhra 2023, mír 7 de na Conclúidí ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023, mír 5 de na Conclúidí ón gComhairle an 26 Feabhra 2024, mír 5 de na Conclúidí ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024, mír 4 de na Conclúidí ón gComhairle an 18 Feabhra 2025 agus mír 4 de na Conclúidí ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2025:

**An Tuirc**

Tá na dlínsí seo a leanas tiomanta aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh agus cinntí dlíthiúla dearfacha a bhaint amach ('i bhfeidhm' nó 'i bhfeidhm, ach feabhas ag teastáil') maidir le príomhcheanglais 1 agus 2 a mhéid a bhaineann le huathmhalartú faisnéise ar chuntais airgeadais, a bheidh le léiriú amach anseo i dtuarascáil piarmheasúnaithe an Fhóraim Dhomhanda maidir le huathmhalartú faisnéise in 2026:

**An Iordáin agus Montainéagró**

*1.2 Comhaltas san Fhóram Domhanda agus rátáil shásúil i ndáil le malartú faisnéise arna iarraidh sin*

Tá an dlínse seo a leanas ag fanacht ar ghrinn-athbhreithniú ón bhFóram Domhanda:

**An Bheilís**

Tá an dlínse seo a leanas tiomanta na céimeanna is gá a chomhlíonadh chun grinn-athbhreithniú ón bhFóram Domhanda a iarraidh agus é a bheith deonaithe, faoin 15 Lúnasa 2026, d'fhonn rátáil fhoriomlán a malartú faisnéise arna iarraidh sin a uasghrádú, go 'mór-chomhlíontach' ar a laghad laistigh den tréimhse ama fhorordaithe:

**Montainéagró**

Tá an dlínse seo a leanas tiomanta na céimeanna is gá a chomhlíonadh chun grinn-athbhreithniú ón bhFóram Domhanda a iarraidh agus é a bheith deonaithe, faoin 15 Feabhra 2027, d'fhonn rátáil fhoriomlán a malartú faisnéise arna iarraidh sin a uasghrádú, go 'mór-chomhlíontach' ar a laghad laistigh den tréimhse ama fhorordaithe:

**Ógh-Oileáin na Breataine**

**2. <u>Cánachas Cothrom</u>**

*2.1 Córais chánach dhíobhálacha atá ann*

Tá an dlínse seo a leanas, a thug gealltanas a gcórais chánach fhabhracha dhíobhálacha a leasú nó a dhíothú faoi raon feidhme an Fhóraim maidir le Cleachtais Chánach Dhíobhálacha faoin 31 Nollaig 2023, ag feitheamh le measúnú críochnaitheach a bheith déanta ag an bhFóram:

**Easuaitíní (Crios eacnamaíoch speisialta)**

PUBLIC

Thug an dlínse seo a leanas gealltanas córas díolúine díobhálach maidir le hioncam ó fhoinse eachtrach a leasú nó a dhíothú faoin 31 Nollaig 2025, agus deonaíodh í go dtí an 30 Meitheamh 2026 chun a hathchóiriú a thabhairt chun críche, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an gcaoi a gcaitear le gnóthachain chaipitiúla ó fhoinse eachtrach, le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2026:

**Brúiné Darasalám**

**3. <u>Creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis (BEPS) a chosc</u>**

*3.2 Cur chur chun feidhme íoschaighdeán an tuairiscithe de réir tíre (Gníomhaíocht BEPS 13)*

Thug na dlínsí seo a leanas gealltanas aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh ina gcreataí intíre a mhéid a bhaineann le tuairisciú de réir tíre chun go mbeidh siad le léiriú i dtuarascáil piarmheasúnaithe Ghníomhaíocht 13 de Chreat Cuimsitheach BEPS i bhfómhar 2026:

**An Ghraonlainn, an Iordáin agus Maracó**

PUBLIC